BAINISTEOIR MAOINITHE

GLUAIS

Bainisteoir Maoinithe

Cabhraíonn sé/sí heolaithe an t-airgead a fháil atá de dhíth orthu chun a gcuid taighde a dhéanamh.

Labhraíonn sé/sí le daoine agus le comhlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh cabhrú leis na turgnaimh eolaíochta a mhaoiniú, agus míníonn sé/sí an fáth abhfuil an taighde tábhachtach.

Is féidir an t-airgead a fhaigheann sé/sí a úsáid chun trealamh speisialta a cheannach: micreascóip, léasair, agus ábhair eile atá de dhíth ar na heolaithe chun a gcuid oibre a dhéanamh.

Cabhraíonn bainisteoir maoinithe le tionscadail eolaíochta spreagúla tarlú!

Duine a chabhraíonn le heolaithe an t-airgead a fháil atá de dhíth orthu chun a gcuid taighde a dhéanamh

GLUAIS

Taighdeoirí

Déanann siad staidéar ar rudaí chun níos mó a fhoghlaim fúthu agus chun eolas nua a aimsiú.

Cuireann siad a lán ceisteanna agus déanann siad iarracht freagraí a fháil

- trí bhreathnú go grinn ar rudaí
- trí thurgnaimh a dhéanamh
- trí staidéar a dhéanamh ar eolas atá ann cheana.

D' fhéadfadh taighdeoir staidéar a dhéanamh

- ar ainmhithe chun tuiscint a fháil ar an tslí a mhaireann siad
- ar phlandaí éagsúla chun teacht ar na cinn is fearr a fhásann in áiteanna áirithe.

Daoine a dhéanann staidéar ar rudaí chun níos mó a fhoghlaim fúthu agus chun eolas nua a aimsiú.

GLUAIS

Aontas Eorpach

Is grúpa tíortha san Eoraip é

- a oibríonn le chéile
- a roinneann smaointe
- a dhéanann rialacha le chéile
- a chabhraíonn lena chéile.

Déanann an tAontas Eorpach níos éasca do dhaoine agus do tháirgí (cosúil le bia agus bréagáin) taisteal idir na tíortha seo.

Oibríonn na tíortha san Aontas Eorpach le chéile freisin ar shaincheisteanna tábhachtacha ar nós

- cosaint na timpeallachta
- síocháin a choinneáil.

Grúpa tíortha san Eoraip a oibríonn le chéile

GLUAIS

AMBER

Is institiúid í AMBER a oibríonn le comhlachtaí agus le heolaithe éagsúla chun ábhair nua a chruthú ar féidir leo difríocht a dhéanamh sa domhan.

Is é an cuspóir atá acu ná smaointe agus aireagáin a chruthú

- a chuidíonn leis an timpeallacht
- a fheabhsaíonn sláinte daoine
- a réitíonn fadhbanna eile sa tsochaí.

Institiúid a oibríonn le comhlachtaí agus le heolaithe éagsúla

GLUAIS

Léasair

Is soilse speisialta iad léasair a bhfuil an-chumhacht acu. Is féidir leo a bheith an-láidir - tá siad in ann gearradh trí mhiotal fiú!

Úsáidtear léasair le haghaidh go leor rudaí

- úsáideann dochtúirí iad in obráidí mar go bhfuil siad an-chruinn
- úsáideann eolaithe iad chun rudaí beaga a staidéar go dlúth.
- bíonn siad i scanóirí sa siopa, áit a léann siad barrachóid.



Is soilse speisialta iad léasair a bhfuil an-chumhacht acu

GLUAIS

Micreascóip

Is uirlisí speisialta iad a chabhraíonn linn rudaí a fheiceáil atá i bhfad róbheag dár súile a fheiceáil.

Oibríonn siad cosúil le gloiní formhéadúcháin an-láidir. Déanann siad rudaí beaga,ar nós cealla nó baictéir, i bhfad níos mó.

Cabhraíonn micreascóip le heolaithe staidéar a dhéanamh

- ar an gcaoi a n-oibríonn rudaí beo
- foghlaim faoi ghalair
- rudaí nua a aimsiú.



Uirlisí speisialta iad a chabhraíonn linn rudaí a fheiceáil atá i bhfad róbheag d’ár súile

GLUAIS

Saotharlann

Is áit speisialta í ina ndéanann eolaithe agus daltaí turgnaimh.

I saotharlann, bíonn uirlisí agus trealamh ann, mar shampla:

- tomhasairí (cupáin speisialta)
- feadáin tástála (feadáin bheaga ghloine)
- micreascóip (chun rudaí beaga a fheiceáil).

Áit ina ndéanann eolaithe turgnaimh

GLUAIS

Seomraí Íonghlana

Is seomraí speisialta iad ina n-oibríonn eolaithe ar thurgnaimh nach féidir aon deannach, salachar, nó frídíní a bheith thart orthu.

Má thagann smidín beag deannaigh isteach, d'fhéadfadh sé an turgnamh a mhilleadh!

I seomraí íonghlana,

- Caitheann eolaithe éadaí speisialta, cosúil le cultacha, lámhainní agus maisc, chun salachar agus frídíní a choinneáil amach.
- Cabhraíonn meaisíní leis an aer a choinneáil an-ghlan.



Is seomraí speisialta iad ina n-oibríonn eolaithe ar thurgnaimh

GLUAIS

Ceimiceáin

Is substaintí iad atá i ngach rud timpeall orainn.

Tá ceimiceáin ann atá ar fáil go nádúrtha (mar shampla uisce agus salann). Déantar cinn eile i saotharlanna (mar shampla, cógais agus táirgí glantacháin).

Úsáideann eolaithe ceimiceáin

- chun ábhair nua a chruthú
- chun staidéar a dhéanamh ar an tslí a n-imoibríonn rudaí.

Is féidir le roinnt ceimiceán a bheith cabhrach, ar nós vitimíní, ach is féidir le roinnt eile a bheith contúirteach, ar nós táirgí glantacháin.

Is substaintí iad atá i ngach rud timpeall orainn